**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

( 160 Marc )

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH 2002 - IARNÓIN, 2.00 - 4.00

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc. Tabhair faoi CHEITHRE cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair, mar aon le, nuair is cuí sin, Fóilíónna agus Dátaí a thaispeánfaidh an lá, an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála agus le Mórleabhar.**

Thaispeáin leabhair YAWLAG Tta. na hiarmhéideanna seo a leanas ar an 1 Bealtaine 2002:

| | € |
|---|---|
| Mótarfheithiclí | 75,000 |
| Creidiúnaí: Quinn Tta. | 19,500 |

**(A)** Déan na hiarmhéideanna seo a bhreacadh sa Leabhar Cúnta Ginearálta, faigh iarmhéid an ghnáth-scairchaipitil agus breac na hiarmhéideanna seo sna cuntais mhórleabhair chuí. (8)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na gCeannachán agus ón Leabhar Aischuir Amach sna mórleabhair.

**LEABHAR NA GCEANNACHÁN (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Sonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6/5/2002 | Carr Tta. | 34 | MLC1 | 32,000 | 6,400 | 38,400 |
| | | | | MLG1 | MLG2 | |

**LEABHAR AISCHUIR AMACH (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Sonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2/5/2002 | Quinn Tta. | 34 | MLC2 | 5,500 | 1,100 | 6,600 |
| | | | | MLG3 | MLG2 | |

(8)

**(C)** Déan taifid ar na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine. Déan na figiúirí cuí a bhreacadh sa mhórleabhar.

Nóta: Déan anailís ar na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil cholúin airgid seo a leanas:
Taobh an Dochair (Fáltais): Banc; Díolacháin; CBL; Eile
Taobh an tSochair (Íocaíochtaí): Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaithe; Fógraíocht..

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2/5/2002 | Díolacháin Airgid Thirim a lóisteáladh | | €62,400 (€52,000 +CBL €10,400) |
| 7/5/2002 | Íoctha ar fhógraíocht | (Seic Uimh. 1) | €3,700 |
| 16/5/2002 | D'íoc Quinn Tta. a chuntas iomlán | (Seic Uimh. 2) | |
| 21/5/2002 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 3) | €18,500 + CBL 20% |
| 29/5/2002 | D'infheistigh scairshealbhóir €20,000 agus lóisteáladh é. Admháil Uimh. 43. | | (17) |

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2002 agus déan Comhardú Trialach a bhaint amach amhail ar an dáta sin. (7)

**(40 marc)**

**2.**

| **Freagair A agus B.** | **Is ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.** |
|---|---|

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as Leabhair Mac Cárthaigh Tta. ar an 31 Bealtaine 2002. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe atá ann ná 265,000 de ghnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach amhail ar an 31 Bealtaine 2002** | **Dr.** **€** | **Sr.** **€** |
|---|---:|---:|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 84,000 | 185,000 |
| Aischuir Amach | | 4,000 |
| Dleacht Allmhairíochta | 3,600 | |
| Pánna | 35,000 | |
| Fógraíocht | 11,000 | |
| Drochfhiacha | 3,200 | |
| Coimisiún Infhaighte | | 6,000 |
| Cíos Infhaighte | | 16,000 |
| Áitreabh | 245,000 | |
| Innealra | 60,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 21,200 | 10,000 |
| Stoc ar Tús 1/6/2001 | 18,000 | |
| Banc | 13,000 | |
| Iasacht 15 bliana | | 30,000 |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 23,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 220,000 gnáthscaireanna ar €1 | | 220,000 |
| | 494,000 | 494,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntais Trádála, Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** na cuideachta a ullmhú don bhliain dar chríoch an 31 Bealtaine 2002 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2002.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc ar deireadh | €13,000 |
| (ii) | Cíos infhaighte réamhíoctha | € 2,000 |
| (iii) | Fógraíocht Dlite | € 3,500 |
| (iv) | Díbhinn fógraithe 8% | |
| (v) | Dímheas: Áitreabh 2%; Innealra 15%. | |

(35)

**(B)** Liostaigh **dhá** bhealach a bhféadfadh MAC CÁRTHAIGH Tta. a cuid fiacha a laghdú.

(5)

**(40 marc)**

**3.** **Freagair (A) agus (B). Is Ceist Imeasctha í seo a bhaineann le Foirmeacha Úinéireachta agus Bunú Cuideachta.**

**(A)** Mínigh **dhá** cheann de na foirmeacha úinéireachta seo a leanas
(i) Trádalaí Aonair, (ii) Comharchumann, (iii) Úinéireacht Stáit. (12)

**(B)** Ar an 1 Bealtaine 2002 bhunaigh Nóra Ní Mháirtín, 5 Clós Marino, Bré, Co. Chill Mhantáin agus Seosamh Ó Conchúir, 14 Bóthar na Trá, Bré, Co. Chill Mhantáin Cuideachta Phríobháideach Teoranta ar ar thug siad LEABHAIR EDUCU Tta. Réitigh siad Meabhrán Comhlachais agus chuir siad é sin mar aon leis na doiciméid go léir a bhí riachtanach chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Is iad Cuspóirí na cuideachta ná leabhair oideachasúla a fhoilsiú agus a dhíol.
Is é Scairchaipiteal Údaraithe LEABHAIR EDUCU Tta. ná 100,000 gnáthscaireanna €1.

Ar an 12 Bealtaine 2002 cheannaigh Nóra Ní Mháirtín agus Seosamh Ó Conchúir 25,000 gnáthscair €1 an duine. Rinneadh an t-airgead a fuarthas ó eisiúint na scaireanna a lóisteáil i gcuntas bainc na cuideachta.

Iarrtar ort:

**(i)** An Meabhrán Comhlachais a chomhlánú ar *an doiciméad meabhráin bán ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo*. (16)

**(ii)** Déan eisiúint na scaireanna ar an 12 Bealtaine 2002 a thaifeadadh sa Chuntas Gnáth-Scairchaipitil agus sa Chuntas Bainc *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.
Ullmhaigh Clár Comhardaithe Tosaigh na cuideachta amhail ar an 12 Bealtaine 2002 freisin *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (12)

**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht agus Airgeadas Gnó.**

**(A)** Ainmnigh **ceithre** sheirbhís a chuireann bancanna ar fáil do ghnólachtaí. (8)

**(B)** Liostaigh **trí** phíosa eolais a chaithfidh cuideachta phríobháideach theoranta a chur ar fáil nuair a bhíonn cuntas reatha á oscailt i mbanc. (6)

**(C)** Luaigh **ceithre** thoisc a chuireann bancanna san áireamh nuair a bhíonn iasacht á tabhairt acu. (12)

**(D)** Fuair F & M Tta. iasacht trí bliana de €15,000. Ba iad na téarmaí a bhain leis an gcomhaontú iasachta ná:
Aisíocaíochtaí caipitil de €5,000 in aghaidh na bliana; ús 12% RCB. (APR)
Ríomh an t-ús iomlán iníoctha thar na trí bliana. (14)

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH roinn. Is Ceist Imeasctha í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**

Baineann na sonraí seo a leanas le díolachán earraí ar cairde ag Lennon Tta. le Quinn Tta., 13 Sráid an Droichid, Ceatharlach, do Mhí Bealtaine 2002.

Ar an 1 Bealtaine 2002 bhí iarmhéid de €850 i gCuntas Quinn i Mórleabhar na bhFéichiúnaithe de chuid Lennon Tta.

3/5/2002 Chuir Lennon Tta. Sonrasc Uimh. 3 chuig Quinn Tta……………. € 2,400
6/5/2002 Chuir Lennon Tta. Sonrasc Uimh. 12 chuig Quinn Tta……………€ 13,000
13/5/2002 Fuair Lennon Tta. seic ó Quinn Tta………………………………..€ 8,500
17/5/2002 Chuir Lennon Tta. Sonrasc Uimh. 89 chuig Quinn Tta……………€ 6,700
21/5/2002 Chuir Lennon Tta. nóta creidmheasa Uimh. 67 chuig Quinn Tta… € 1,200 + CBL 20%
28/5/2002 Chuir Lennon Tta. Sonrasc Uimh. 98 chuig Quinn Tta……………€ 6,500

Ar an 31 Bealtaine 2002 chuir Lennon Tta. Ráiteas Cuntais chuig Quinn Tta.
D'íoc Quinn Tta. le seic an méid dlite ar an ráiteas.
Chuir Lennon Tta. admháil Uimh. 23 chuig Quinn Tta. ar an 11 Meitheamh 2002 agus é sínithe ag Liam Lennon.

Iarrtar ort:

**(A)** Liostaigh **trí** sheiceáil ar cheart do Lennon Tta. a dhéanamh roimh an ráiteas a chur amach. (6)

**(B)** Comhlánaigh an Ráiteas Uimh. 30 a chuir Lennon Tta. ar an 31 Bealtaine 2002 *ar an doiciméad ráitis bán a cuireadh ar fáil.* (17)

**(C)** Comhlánaigh an Admháil Uimh. 23 a d'eisigh Lennon Tta., ar an 11 Meitheamh 2002 *ar an doiciméad admhála bán a cuireadh ar fáil.* (10)

**(D)** Déan eisiúint an Nóta Creidmheasa Uimh. 67 a thaifeadadh sa Leabhar Aischuir Isteach *ar an mbileog leabharchoimeád a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.* (7)

**(40 marc)**

**6.** **Freagair (A) agus (B). Is ceist í seo a bhaineann le Scríbhneoireacht Tuarascála agus le Gnólacht a Mheasúnú.**

**(A)** Luaigh **dhá** chúngú (theorannú) a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Cláir Chomhardaithe nuair a bhíonn gnólacht á mheasúnú. (6)

**(B)** Chuir stiúrthóirí Bingo Tta., Sligeach, na figiúirí seo a leanas ar fáil do na blianta 2000 agus 2001.

| | **2000** | **2001** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | 530,000 | 560,000 |
| Brabús Glan | 120,000 | 110,000 |
| Sócmhainní Reatha | 36,000 | 24,000 |
| Dliteanas Reatha | 16,000 | 32,000 |
| Caipiteal in Úsáid | 380,000 | 460,000 |

Abair gur tusa Póilín Willis, Comhairleoir Bainistíochta, Bóthar na hIontrála Dúbailte, Loch Garman.

**Ullmhaigh tuarascáil**, **dar dáta inniu**, le haghaidh stiúrthóirí Bingo Tta. **ag déanamh comparáide agus tuairisce** ar fheidhmiú an ghnólachta le dhá bhliain anuas, 2000 agus 2001. Bain úsáid as na **trí chóimheas** seo a leanas agus tú ag déanamh comparáide ar an bhfeidhmiú: Céatadán Brabúis Ghlain; Toradh ar an gCaipiteal atá in Úsáid; Cóimheas Reatha. (34)

(40 marc)

**Le húsáid le Ceist 3 (B)(i)**

## MEABHRÁN COMHLACHAIS

1. **Is é ainm na Cuideachta ná ________________________________________**
2. **Is iad na Cuspóirí ar bunaíodh an chuideachta lena n-aghaidh ná :**
   **______________________________________________________________**
3. **Tá Dliteanas na gcomhaltaí Teoranta**
4. **Is é Scairchaipiteal na cuideachta ná ___________________________ atá roinnte i**
   **______________________________________________________________**

Is mian linne na daoine ar leith a bhfuil a n-ainmneacha, seoltaí agus cur síos orthu suibscríofa a bheith bunaithe i gcuideachta de bhun an Mheabhráin Chomhlachais agus toilímid le líon na scaireanna i gCaipiteal na Cuideachta atá curtha os comhair ár n-ainmneacha a ghlacadh.

| Ainm, Seoladh gach Suibscríobhaí | Líon na Scaireanna glactha ag gach Suibscríobhaí |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Dáta …………………………..**

**Le húsáid le Ceist 3 (B)(ii)**

| Dáta | Sonraí | F | Méid € | Dáta | Sonraí | F | Méid € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Cuntas Gnáth-Scairchaipitil ( lch. 1 )** | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | **Cuntas Banc ( lch. 2 )** | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

**Clár Comhardaithe amhail 12/5/2002**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| | | | |
| **Maoinithe ag** | | | |
| | | | |
| | | | |

**É SEO A CHUR ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**STAIDÉAR GNÓ – PÁIPÉAR 11, 2002**

UIMHIR SCRÚDAITHE

**Le húsáid le CEIST 5 (B)**

**RÁITEAS** **Uimh. 30**

**Lennon Tta.,**
**Radharc an tSléibhe,**
**Ceatharlach**

**Do :** ______________________

______________________

______________________

Tel. 0503 94613
Uimh.CBL IE33423
Cuntas Uimh. 76

Dáta ____________________

| DÁTA | SONRAÍ | DOCHAR | SOCHAR | IARMHÉID |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | ↑ Méid Iníoctha |

**Le húsáid le CEIST 5 (C)**

**ADHMHÁIL** **Uimh.: 23**

DÁTA: ______________ **Lennon Tta., Radharc an tSléibhe, Ceatharlach.**

FAIGHTE Ó:

SUIM DE: €

*Le Buíochas*

Sínithe: ________________________ (Roinn na gCuntas)

**Le húsáid le CEIST 5 (D)**

**LEABHAR AISCHUIR ISTEACH Leathanach 1**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Nóta Creidmheasa | F | GLAN | CBL | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**É SEO A CHUR ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**